2024/2613

1.10.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2613 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2024

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta de thionscadail trasteorann roghnaithe i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a leagan síos

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(1)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/1153, bunaítear catagóir de thionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite (tionscadail trasteorann maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite) a rannchuidíonn leis an dícharbónú, leis an margadh inmheánach fuinnimh a chomhlánú agus le slándáil an tsoláthair a fheabhsú. Bunaítear na tionscadail sin trí chomhaontú comhair idir dhá Bhallstát nó níos mó, nó idir aon Bhallstát amháin nó níos mó agus aon tríú tír amháin nó níos mó mar a leagtar amach in Airteagail 8, 9, 11 agus 13 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(2) Tá roghnú na dtionscadal sin faoi réir na gcritéar agus na nósanna imeachta ginearálta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1153 agus a shonraítear a thuilleadh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/342 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Roghnaítear na tionscadail trasteorann maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite agus áirítear ar liosta tiomnaithe iad, liosta arna ghlacadh ag an gCoimisiúin trí bhíthin gníomh tarmligthe. Glacadh an chéad liosta le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 ón gCoimisiún ([4]). Glacadh an dara liosta le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2639 ón gCoimisiún ([5]). Mar thoradh ar chuimsiú na dtionscadal ar an liosta, bíonn siad incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Thairis sin, bíonn buntáistí ann do na tionscadail toisc go mbíonn méadú infheictheachta i gceist le bheith ar an liosta.

(4) Na tionscadail trasteorann nua maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite atá ar an liosta a tugadh cothrom le dáta, roghnaíodh iad tar éis glao ar thograí a foilsíodh an 7 Samhain 2023 agus a dúnadh an 6 Feabhra 2024. Rinne saineolaithe seachtracha agus saineolaithe ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol agus ón gCoimisiún measúnú ar na tionscadail a chuir isteach iarratas.

([1]) IO L 249, 14.7.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/oj.
([2]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).
([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/342 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na critéir roghnúcháin shonracha agus mionsonraí an phróisis chun tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a roghnú (IO L 62, 1.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/342/oj).
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 ón gCoimisiún an 29 Lúnasa 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta de thionscadail trasteorann roghnaithe i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a leagan síos (IO L 293, 14.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2202/oj).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2639 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta de thionscadail trasteorann roghnaithe i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a leagan síos (IO L, 2023/2639, 27.11.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2639/oj).

(5) Thug an Coimisiún fógra don Ghrúpa Saineolaithe maidir le torthaí an mheasúnaithe i dtaca le hullmhú agus tarraingt suas an ghnímh tharmligthe lena bhforlíontar an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a mhéid a bhaineann leis na critéir sainaitheantais agus na próisis le haghaidh tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Tar éis an chomhaontaithe ar tháinig an grúpa saineolaithe air maidir le dréachtliosta tionscadail trasteorann maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite, glacann an Coimisiún an liosta deiridh.

(6) Ar an liosta de na tionscadail trasteorann maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite, tá tionscadail lena rannchuidítear le saothrú costéifeachtach an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil leictreachais, tionscadail atá le cur chun feidhme trí theicneolaíochtaí éagsúla in-athnuaite, lena n-áirítear gaoth ón talamh agus ón bhfarraige.

(7) Tá cuimsiú tionscadal ar an liosta de thionscadail trasteorann maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite gan dochar dá gcomhlíontacht le dlí an Aontais is infheidhme, lena n-áirítear le toradh an mheasúnaithe ábhartha comhshaoil agus na nósanna imeachta um cheadú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2202 ón gCoimisiún:

‘Seo a leanas an liosta de na tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a roghnaíodh de bhun Chuid IV, pointe 4(g) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1153:

Uimhir an tionscadail	Ainm an tionscadail	Forbróirí an tionscadail	Tíortha rannpháirteacha
2022-05	ELWIND – Tionscadal hibrideach comhpháirteach na hEastóine - na Laitvia le haghaidh gaoth amach ón gcósta	Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Cumarsáide na hEastóine; Aireacht Eacnamaíochta Phoblacht na Laitvia	an Eastóin agus an Laitvia
2022-07	CICERONE – Comhghuaillíochta CEO le haghaidh Slabhra Luacha Hidrigine Glaise don Eorpach Trasteorann	EON.SE; ENEL Green Power Spa; IBERDROLA CLIENTES S.A.U.	an Ghearmáin, an Iodáil, an Spáinn agus an Ísiltír
2022-10	UNITED HEAT – Téamh ceantair atá aeráidneodrach i gcathair Goerlitz Zgorzelec na hEorpa	Stadtwerke Görlitz AG; SEC Zgorzelec Sp. z o.o.	an Ghearmáin agus an Pholainn
2023-2	ULP-RES WP – Páirc Gaoithe Utilitas Lode-Penuja RES	Utilitas Wind SIA; Utilitas Wind OÜ	an Laitvia agus an Eastóin
2023-3	SLOWP – Páirc Ghaoithe Amach ón gCósta Saare-Liivi	Utilitas Wind OÜ	Lucsamburg agus an Eastóin
2023-6	TMNHSA – Turnu Magurele – Tionól Struchtúr Hiodrálach Nikopol	Natsionalna Elektricheska Kompania EAD; S.P.E.E.H. HIDROELECTRICA S.A.	an Bhulgáir agus an Rómáin
2023-7	BEI – Oileán Fuinnimh Bornholm	Aireacht Aeráide, Fuinnimh agus Fóntas	an Danmhairg agus an Ghearmáin
2023-9	PONTIS – Dul chun cinn maidir le haistriú fuinnimh in-athnuaite le haghaidh soláthar idirnáisiúnta in Eoraip nasctha	Iberdrola Clientes SAU; Mitsubishi Corporation	an Spáinn agus an Ísiltír’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN